

**Córas Coiteann Iontrála (CAS)**  
**Iar-bhunscoileanna Cheantar Luimnigh**  
**Bileog Eolais 2024-2025**

**Cad é Córas Coiteann Iontrála Iar-Bhunscoileanna Cheantar Luimnigh (CAS)?**

Is é Córas Coiteann Iontrála Iar-Bhunscoileanna Cheantar Luimnigh (CAS) an próiseas trína ndéantar bainistiú ar aistriú daltaí bunscoile rang a sé go dtí na hiar-bhunscoileanna rannpháirteacha.

**Cad iad na hiarbhunscoileanna a ghlacann páirt sa chóras?**

Tá 17 iar-bhunscoil rannpháirteach sa Chóras Coiteann Iontrála (CAS). Is iad seo a leanas na scoileanna atá rannpháirteach sa chóras don bhliain 2024/25:

Ainm na Scoile	Suíomh Gréasáin	Uimhir theagmhála
<b>Ardscóil Mhuire</b> ( <i>cailíní</i> ), An Corrbhaile, Luimneach	<a href="http://www.asmlimerick.ie/">http://www.asmlimerick.ie/</a>	061-349014
<b>Ardscóil Rís</b> ( <i>buachaillí</i> ), An Cuarbhóthar Thuaidh, Luimneach	<a href="http://www.ardscoil.com/">http://www.ardscoil.com/</a>	061-453828
<b>Coláiste Chaladh an Treoigh</b> , ( <i>comhoideachas</i> ), An Baile Nua, Caladh an Treoigh, Co. Luimnigh	<a href="http://castletroycollege.ie/">http://castletroycollege.ie/</a>	061-330785
<b>Coláiste Chiaráin</b> ( <i>comhoideachas</i> ), Cromadh, Co. Luimnigh	<a href="http://www.cco.ie/">http://www.cco.ie/</a>	061-397700
<b>Coláiste Mhichíl</b> ( <i>buachaillí</i> ), Sráid Uí Sheasnáin, Luimneach	<a href="http://www.cbssextonstreet.ie/">http://www.cbssextonstreet.ie/</a>	061-416628
<b>Coláiste Nano Nagle</b> ( <i>cailíní</i> ), Sráid Uí Sheasnáin, Luimneach	<a href="http://www.colaistenanonagle.ie/">http://www.colaistenanonagle.ie/</a>	061-410390
<b>Coláiste Crescent Cuimsitheach S.J.</b> ( <i>comhoideachas</i> ), Tuar an Daill, Co. Luimnigh	<a href="http://www.crescentsj.com/">http://www.crescentsj.com/</a>	061- 229655
<b>Gaelcholáiste Luimnigh</b> ( <i>comhoideachas, lán-Ghaeilge</i> ) Meal Sior Anraí, Cathair Luimnigh	<a href="http://gcluimnigh.com/">http://gcluimnigh.com/</a>	061-404959
<b>Coláiste Chnoc na Labhras, F.C.J.</b> ( <i>cailíní, lán-Ghaeilge</i> ), An Cuarbhóthar Theas, Luimneach	<a href="http://laurelhillcolaistefcj.ie/">http://laurelhillcolaistefcj.ie/</a>	061-313 636
<b>Meánscoil Chnoc na Labhras, F.C.J.</b> ( <i>cailíní</i> ), An Cuarbhóthar Theas, Luimneach	<a href="http://laurelhillsecondary.com/">http://laurelhillsecondary.com/</a>	061-319383
<b>Meánscoil Oideachas Le Chéile Luimnigh</b> ( <i>comhoideachas</i> ) Caladh an Treoigh, Co. Luimnigh	<a href="http://limericketss.ie/">http://limericketss.ie/</a>	061-457595
<b>Coláiste Mhungairit</b> ( <i>comhoideachas</i> ), Mungairit, Co. Luimnigh	<a href="https://mungretcommunitycollege.ie/">https://mungretcommunitycollege.ie/</a>	061-308880
<b>Coláiste Sailéiseach</b> ( <i>comhoideachas</i> ), Pailís Chaonraí, Co. Luimnigh	<a href="http://salesiancollege.ie/">http://salesiancollege.ie/</a>	061-393105
<b>Coláiste San Cleimint</b> ( <i>buachaillí</i> ), An Cuarbhóthar Theas, Luimneach	<a href="http://www.stclements.ie/">http://www.stclements.ie/</a>	061-315878
<b>Coláiste Naomh Mainchín</b> ( <i>buachaillí</i> ) An Corrbhaile, Luimneach	<a href="http://stmunchinscollege.com/">http://stmunchinscollege.com/</a>	061-348922
<b>Pobalcholáiste Thuamhumhan</b> ( <i>comhoideachas</i> ), Páirc Mhaoilis, Luimneach	<a href="http://thomondcommunitycollege.ie/">http://thomondcommunitycollege.ie/</a>	061-452 422
<b>Meánscoil Villiers</b> ( <i>comhoideachas, scoil táille</i> ), An Cuarbhóthar Thuaidh, Luimneach	<a href="https://www.villiers-school.com/">https://www.villiers-school.com/</a>	061-451447

### ***Cad é an Polasaí Iontrála?***

Tá Polasaí Iontrála uathúil ag gach iar-bhunscoil rannpháirteach ina bhfuil a critéir iontrála uathúla féin. Is féidir cóip den pholasaí seo a fháil ar shuíomh idirlín na scoile nó trí theagmháil dhíreach a dhéanamh leis an scoil.

Tá sé ríthábhachtach go gcuirfidh tuismitheoir(i)/caomhnóir(i) iad féin ar an eolas faoi Pholasaí Iontrála na scoileanna a roghnaíonn siad sula gcuireann siad isteach an fhoirm iarratais CAS. Má tá aon cheist ag tuismitheoirí/caomhnóirí maidir le Polasaí Iontrála na scoile nó critéir le haghaidh rollaithe, déan teagmháil dhíreach leis an scoil le soiléiriú a lorg.

### ***Cad é an Fógra Iontrála?***

Tá faisnéis san Fhógra Iontrála Bliantúil ar roinnt sonraí praiticiúla maidir le próiseas iontrála scoile a athraíonn ó bhliain go bliain. Mar shampla:

- Conas polasaí iontrála na scoile agus foirm iarratais le haghaidh clárúcháin a fháil
- Dátaí ar a dtosóidh an scoil agus a scoirfidh sí de bheith ag glacadh le hiarratais ar iontráil sa scoil don scoilbhliain lena mbaineann
- Dátaí faoina gcuirfear tairiscintí in iúl d'iarratasóirí agus dátaí faoina cheart a dheimhniú don scoil maidir le glacadh le tairiscintí
- I scoileanna atá ró-shuibscríofa, faisnéis maidir le líon na n-iarratas a fuarthas agus líon agus ord na dtairiscintí a rinneadh an bhliain roimhe sin.

### ***Conas a dhéanaim iarratas ar rollú dalta i mbliain 1 chuig iar-bhunscoil rannpháirteach?***

- Chun iarratas a dhéanamh ar iontráil isteach sa Chéad Bhliain don bhliain acadúil 2024/25, ní mór duit Foirm Iarratais Chóras Coiteann Iontrála Iar-Bhunscoileanna Cheantar Luimnigh (CAS) a chomhlánú.
- Cuirfear an fhoirm seo ar fáil ar shuíomh Gréasáin na n-iar-bhunscoileanna rannpháirteacha go léir ón **2 Deireadh Fómhair 2023** do gach dalta ionchasach sa chéad bhliain don bhliain acadúil 2024/2025 .
- Seolfar cóip chomh maith chuig gach bunscoil fhriothálach aitheanta.
- Agus an fhoirm CAS á comhlánú agat, ní mór duit **11** scoil a bhfuil tú ag déanamh iarratais orthu a chur in iúl in ord rogha íslitheach go macánta. Mura gcuirtear 11 rogha in iúl d'fhéadfadh sé tarlú nach dtairgfear áit scoile do do pháiste/choimircí.
- Ní mór don fhaisnéis go léir a sholáthraíonn tú a bheith cruinn agus fírinneach, chomh fada agus is eol duit.
- Déanfar foirmeacha iarratais a fhaightear amach go bhfuil eolas míchruinn nó míthreorach acu a tharraingt siar ón gcóras agus measfar aon tairiscint a dhéanann iar-bhunscoil rannpháirteach, bunaithe ar an eolas a cuireadh ar fáil, a bheith neamhbhailí.
- Ba chóir an Fhoirm Iarratais chomhlánaithe, mar aon le clúdach litreach féin-seolta stampáilte, a chur faoi bhráid an Phríomhoide ag an Scoil a roghnaigh tú mar Uimhir 1.
- **Moltar foirmeacha a chur isteach go luath** , ach ar aon nós, ní mór foirmeacha a chur isteach tráth nach déanaí ná **4:00i.n., Dé Luain, 15 Eanáir, 2024.**

### **TABHAIR FAOI DEARA:**

- Ní cheadófar ach foirm ghníomhach amháin do gach páiste ar an gcóras.
- Is ar an tuismitheoir(i)/caomhnóir(i) atá an fhreagracht iarratas a dhéanamh .
- Is ar an tuismitheoir(i)/caomhnóir(i) atá an fhreagracht as a chinntiú go bhfaightear an fhoirm CAS chomhlánaithe roimh an dáta & am deiridh.
- Admhóidh an scoil go bhfuarthas d'fhoirm iarratais.

- Mura bhfaigheann tú deimhniú go bhfuil an fhoirm faighte ag an scoil is ortsa atá an fhreagracht dul i dteagmháil leis an scoil go díreach roimh an spriocdháta.

***Cad is féidir liom a dhéanamh má tá foirm iarratais curtha isteach agam ach gur mian liom ord mo roghanna a athrú?***

Ceadaítear athruithe ar ord na roghanna, ar choinníoll go ndéantar iad roimh an spriocdháta/am deiridh chun foirmeacha iarratais a chur isteach, .i. roimh **4:00i.n., Dé Luain, 15 Eanáir, 2024.**

- Mura n-athraítear scoil na céad rogha ba cheart duit scríobh chuig Príomhoide na scoile sin, ag cur an dara foirm iarratais isteach, agus á chur in iúl dó/di go bhfuil roghanna 2 go 11 leasaithe agat. agus anois ag iarraidh dul ar aghaidh leis an bhfoirm iarratais nua/athbhreithnithe.
- Má tá athrú ar an scoil is rogha leat ba cheart duit scríobh chuig Príomhoide na scoile a roghnaigh tú mar chéad rogha ag cur in iúl dó/di go bhfuil d'iarratas á tharraingt siar agat. Ba chóir foirm nua/athbhreithnithe a chur isteach ansin chuig an scoil chéad rogha nua.

Má chuireann tú isteach níos mó ná foirm iarratais amháin agus mura gcuireann tú an méid sin in iúl do na scoileanna ábhartha, rachfar i dteagmháil leat chun an fhoirm ar mian leat leanúint ar aghaidh léi a aithint. Ní cheadófar ach foirm ghníomhach amháin do gach páiste ar an gcóras mar sin ní mór duit an scoil is rogha leat a dheimhniú agus an fhoirm atá le cur isteach ar an gcóras.

***Cad a tharlaíonn má chuirtear foirm iarratais isteach tar éis an dáta/ama deiridh chun iarratas a fháil?***

**Ba chóir foirmeacha iarratais comhlánaithe a sheoladh ar ais chuig an bPríomhoide sa scoil a roghnaigh tú mar Uimhir 1 faoi 4:00i.n., Dé Luain, 15 Eanáir, 2024. Beidh an tráthchlár seo go docht i bhfeidhm.**

Glacfar le hiarratais a chuirtear isteach chuig iar-bhunscoileanna lasmuigh den spriocdháta ach cuirfear “Iarratas Déanach” orthu. Cuirfear iarratais dhéanacha i láthair lena mbreithniú chuig na scoileanna ar fad atá liostaithe ar an bhfoirm nuair a dhéanfar gach iarratas eile a phríoiseáil **ag deireadh an phríoisis.**

***Cad iad na príomh-dátaí don Phríoiseas CAS le haghaidh rollaithe don Chéad Bliain 2024/2025:***

Ó Dé Luain 2 Deireadh Fómhair 2023	Glacfaidh scoileanna le Foirmeacha Iarratais
Dé Luain, 15 Eanáir 2024 ag 4.00i.n.	Dáta agus am deiridh chun foirmeacha iarratais a fháil.
Dé Máirt, 30 Eanáir, 2024	Postálfaidh iar-bhunscoileanna tairiscintí áiteanna.
Dé Céadaoin, 31 Eanáir 2024	Postálfaidh iar-bhunscoileanna litreacha ag diúltú áit a thairiscint.
Dé Céadaoin, 7 Feabhra 2024 (12.00i.n.)	An dáta faoina nglacfar nó faoina ndiúltófar tairiscintí.
Dé Máirt, 20 Feabhra 2024	Oíche Choiteann Chlárúcháin ag gach iar-bhunscoil rannpháirteach. (Déan teagmháil dhíreach leis an scoil maidir leis an am)

### ***Cad a tharlaíonn do na sonraí a chuirtear ar fáil ar an bhFoirm CAS?***

Tá sé ríthábhachtach go léifidh tú an Fógra Príobháideachais Sonraí ar shuíomh gréasáin gach scoile, maidir le bailiú agus próiseáil sonraí chun críocha Córas Coiteann Iontrála Iar-Bhunscoileanna Cheantar Luimnigh.

### ***Cad a tharlóidh mura bhfaigheann mo pháiste an scoil dá chéad rogha?***

- Seolfaidh scoileanna gach tairiscint áiteanna ar an Máirt 30 Eanáir 2024.
- Seolfaidh scoileanna gach litir diúltaithe áit a thairiscint Dé Céadaoin 31 Eanáir 2024.
- Eiseoidh gach scoil aonair litir ina ndiúltaítear áit a thairiscint nach ndéantar tairiscint ar áit scoile. Tá sé seo ag teacht le reachtaíocht mar cheanglas den Acht Oideachais (Leas) 2000.
- Mura n-éiríonn le do pháiste a scoil chéad rogha a fháil, déanfaidh na scoileanna 2-11 a fhoirm iarratais a mheas, de réir na roghanna íslitheacha a leagtar amach.
- Má tá ceann de na scoileanna seo in ann áit scoile a thairiscint, eiseoidh siad litir thairisceana Dé Máirt 30 Eanáir 2024.
- Mura bhfuil aon cheann de na scoileanna atá liostaithe 2-11 in ann áit a thairiscint, eiseoidh siad litir diúltaithe Dé Céadaoin 31 Eanáir 2024. Ar an drochuair d'fhéadfadh go bhfaigheadh iarratasóir roinnt litreacha diúltaithe dá bharr sin.

### ***Cá bhfaighidh mé faisnéis maidir le hiarratas ar rang speisialta?***

Déan tagairt, le do thoil, don Pholasáí Iontrála agus don Fhógra Iontrála do gach scoil a bhfuil suim agat inti chun eolas a fháil maidir le hiarratas ar an rang speisialta.

Is ceist é seo do gach scoil aonair agus ní cuid den phróiseas CAS é.

### ***Cad a tharlóidh mura bhfaigheann mo pháiste tairiscint áit scoile in aon cheann de na scoileanna ar an liosta?***

- Níl aon ról ag Ionad Tacaíochta Oideachais Luimnigh i gcinneadh áiteanna scoile.
- Is iad na scoileanna aonair a dhéanann gach cinneadh maidir le rollú.
- Mura bhfaigheann do pháiste tairiscint áit scoile ó aon cheann de na scoileanna ar a liosta, eiseoidh Ionad Tacaíochta Oideachais Luimnigh litir chugat á chur in iúl duit agus ag cur in iúl duit faoi scoileanna eile sa chóras CAS a bhféadfadh acmhainn a bheith acu.
- Mura bhfuil aon cheann de na scoileanna ar do liosta in ann áit scoile a thairiscint do do pháiste, seolfaidh gach ceann acu litir diúltaithe agus léireoidh an litir seo suíomh do linbh ar liosta feithimh na scoile.
- Tacóidh an tOifigeach Leasa Oideachais, Miriam Gleeson leat áit scoile a aimsiú. (Sonraí teagmhála thíos)
- Tabhair faoi deara le do thoil: Ní féidir leis an gcóras CAS aghaidh a thabhairt ar chás inar tairgeadh áit scoile do do pháiste ach roghnaíonn tú diúltú don tairiscint sin.

### ***Cá seolfad mo chuid ceisteanna?***

Is iad na scoileanna aonair a dhéanann gach cinneadh maidir le rollú. Is iad na Rialaitheoirí Sonraí iad agus mar sin ba cheart duit dul i dteagmháil go díreach leis an scoil/na scoileanna má tá ceist agat.

Má tá aon cheist agat maidir le **tairiscint** nó **diúltú** ó scoil ar bith ar liosta an iarratasóra, déan teagmháil dhíreach leis an scoil/na scoileanna le do thoil.

- Mura bhfaigheann do pháiste/choimircí tairiscint óna scoil chéad rogha, déan teagmháil dhíreach le do thoil leis an scoil chéad rogha.

- Mura bhfaigheann do pháiste/choimircí tairiscint ó scoil atá liostaithe 2-11 ar a liosta roghanna, déan teagmháil dhíreach leis an scoil/na scoileanna le do thoil .
- Mura bhfaigheann do pháiste aon tairiscint ar áit scoile, déan teagmháil leis an Oifigeach Leasa Oideachais ag: [Miriam.Gleeson@tusla.ie](mailto:Miriam.Gleeson@tusla.ie)

TABHAIR FAOI DEARA LE DO THOIL: Déanann Ionad Tacaíochta Oideachais Luimnigh riarachán ar an gCóras Coiteann Iontrála thar ceann Chumann Príomhoidí agus Leas-Phríomhoidí Luimnigh. Mar sin, is é Ionad Tacaíochta Oideachais Luimnigh an Próiseálaí Sonraí agus ní féidir leis dul i ngleic le do cheisteanna.